# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 12.20

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfear marcanna.**


**CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Bolcán**




Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** sa léaráid thuas leis an ngné bholcánach cheart sa tábla thíos.

| Gné Bholcánach | Litir |
|---|---|
| Seomra Magma | |
| Craos | |
| Laibhe | |
| Scamall Luatha | |
| Cráitéar | |

**[10m]**

**2. Carraigeacha**

(i) Meaitseáil ainm na carraige leis an suíomh is mó a luaitear léi agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás.

| Litir | Cineál Carraige |
|---|---|
| **A** | Aolchloch |
| **B** | Marmar |
| **C** | Basalt |

| Suíomh | Litir |
|---|---|
| Clochán an Aifir | |
| Boirinn | |
| Conamara | |

(ii) Luaigh cé acu Bruthcharraig **nó** Carraig Dhríodair **nó** Carraig Mheiteamorfach gach ceann de na carraigeacha a leanas.

Marmar ____________________________

Basalt ____________________________

**[10m]**

**3. Próisis Fhisiceacha**


Meaitseáil gach ceann de na gnéithe thíos leis an bpróiseas is mó a samhlaítear lena foirmiú agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás.

| Litir | Gné |
|---|---|
| **A** | V-Ghleann |
| **B** | Gob |
| **C** | U-Ghleann |
| **D** | Scileach |
| **E** | Pábháil Aolchloiche |

| Ainm an Phróisis | Litir |
|---|---|
| Gníomhaíocht Reo is Coscartha | |
| Creimeadh Abhann | |
| Síonchaitheamh Ceimiceach | |
| Sracadh agus Scríobchaitheamh | |
| Sil-leagan | |

**[10m]**

4. **Tírdhreach Carstach**




Scrúdaigh an fótagraf thuas a léiríonn páirt de phábháil aolchloiche agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh na gnéithe aolchloiche **A** agus **B**.

**A** ____________________________

**B** ____________________________

(ii) Ainmnigh suíomh **amháin** in Éirinn ina bhfaightear gnéithe cosúil leo seo.

________________________________________________________

(iii) Ainmnigh **dhá** ghné **faoi thalamh** a fhaightear i réigiúin charstacha.

1. ____________________________

2. ____________________________

**[10m]**

5. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Samhlaigh go bhfuil tú ag taisteal ó Chnoc Brí (Bree Hill) ag **S 935 329** go hInis Córthaidh ag **S 973 399**.

Cén treo ina mbeifeá ag taisteal?
Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

(ii) Tomhais fad, ina chiliméadair, an Phríomhbhóthair Náisiúnta N11 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag **S 980 430** go dtí an áit a mbuaileann sé leis an líne iarnróid in Inis Córthaidh ag **S 973 399**.

Scríobh an freagra ceart sa bhosca thíos.

**[10m]**

6. **Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí a leanas.

- T 001 313 ____________________________
- S 962 359 ____________________________
- S 974 402 ____________________________
- S 978 419 ____________________________

(ii) Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail d’Ionad Amhairc (Ionad Dearctha) ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

**[10m]**

**7. Aerfótagraf**

(i) Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo.

Scríobh síos suíomh ceart do gach ceann díobh seo a leanas agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (an cúlra ar dheis, etc.).

- Lúb ______________________
- Carrchlós ______________________
- Limistéar Aeraíochta ______________________
- Droichead agus carranna air ______________________

(ii) An fótagraf ceartingearach nó fótagraf fiar é an t-aerfótagraf seo?

______________________

**[10m]**

**8. Réigiúin**

Meaitseáil an cur síos ar réigiún leis an sampla is mó a luaitear leis agus scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Réigiún riaracháin sa Fhrainc. |
| **B** | Réigiún sainmhínithe de réir reiligiúin. |
| **C** | Réigiún sainmhínithe de réir teanga. |
| **D** | Réigiún sainmhínithe de réir tosca aeráide mar theocht agus báisteach. |
| **E** | Croí-réigiún. |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| An Domhan Ioslamach | |
| Département | |
| An Mheánmhuir | |
| Mórcheantar Bhaile Átha Cliath | |
| An Ghaeltacht | |

**[10m]**

**9.** **Gníomhaíocht Gheilleagrach**













(i) Scrúdaigh na fótagraif thuas agus meaitseáil i gceart gach ceann de na litreacha ar na fótagraif le ceann **amháin** de na gníomhaíochtaí geilleagracha ainmnithe sa tábla thíos.


| Gníomhaíocht Gheilleagrach | Litir |
|---|---|
| Talmhaíocht | |
| Turasóireacht | |
| Mianadóireacht | |
| Tionsclaíocht | |

(ii) Scrúdaigh na fótagraif thuas arís. Cé acu íomhá díobh a thaispeánann sampla de **Ghníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach**?
Scríobh an litir cheart sa bhosca thíos.

| |
|---|
| |


**[10m]**


**10.** **Léirléamh Íomhánna Satailíte**














Scríobh an litir cheart sa tábla i ngach cás chun gach íomhá satailíte thuas a mheaitseáil leis an gcur síos is oiriúnaí thíos.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Monarcha ag dó breoslaí iontaise. | |
| Fiordanna san Iorua. | |
| Mianadóireacht san fhásach. | |
| Éasc San Andreas. | |
| Cnoic oighir ag briseadh anuas d'oighearchlúid. | |

**[10m]**

**11. Cairteacha Aimsire**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an brú baraiméadrach (heicteapascail/milleabair) amach ó Iar dheisceart na hÉireann?____________________________

(ii) Cén sórt aimsire atá ann sa Fhrainc, de réir na cairte aimsire seo?
Cuir tic sa bhosca ceart.

| | |
|---|---|
| Gaofar | |
| Ciúin | |

(iii) Sa bhosca thíos, tarraing siombail na cairte aimsire do fhronta fuar.

| |
|---|
| |

(iv) Cuir isteach an focal ceart ón tábla thíos i ngach cás chun na habairtí a leanas a chríochnú.

| | |
|---|---|
| Iseabair | Isiteirmeacha |

Is é a thugtar ar línte a cheanglaíonn áiteanna den teocht chéanna ar chairt aimsire ná _______________________________.

Is é a thugtar ar línte a cheanglaíonn áiteanna den bhrú céanna ar chairt aimsire ná _______________________________.

**[10m]**

**12. Staitisticí Aimsire**

An mheánteocht agus an mheánbháisteach mhíosúil ag Cionn Mhálanna in 2011

| | Ean | Fea | Már | Aib | Bea | Mei | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll | Meán Bliantúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht °C** | 5 | 6 | 6 | 10 | 11 | 11 | 13 | 13 | 13 | 11 | 9 | 6 | 9.5 |
| **Báisteach mm** | 89 | 105 | 59 | 66 | 100 | 84 | 49 | 79 | 133 | 177 | 103 | 184 | 102 |

www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an mheánteocht agus an mheánbháisteach mhíosúil ag Cionn Mhálanna in 2011 agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén mhí inar taifeadadh an teocht is ísle? _________________

(ii) Cé mhéad mí inar taifeadadh an teocht is airde? _________________

(iii) Cén mhí ba mhó báisteach? _________________

(iv) Cén mhí inar taifeadadh an leibhéal is ísle báisteach? _________________

(v) Cad é an mheánteocht bhliantúil do 2011? _________________

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**


**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

**A. Teicteonaic Phlátaí**




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Déan cur síos achomair ar conas a ghluaiseann na sruthanna ag **A**.

(ii) Ainmnigh an tírghné ag **B** a fhaightear ar ghrinneall an Aigéin Atlantaigh.

(iii) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh le chéile ag **C** nó ag scaradh óna chéile?

(iv) Mínigh go hachomair próiseas an fhodhuchtaithe.

(v) Déan cur síos achomair ar an difríocht idir laibhe agus magma.

**[30m]**

**B. Creathanna Talún**

(i) Ainmnigh suíomh **amháin** ina raibh crith talún.

(ii) Ainmnigh scála a úsáidtear chun fórsa crith talún a thomhas.

(iii) Déan cur síos ar conas a tharlaíonn creathanna talún agus déan cur síos ar na príomh-iarmhairtí a bhaineann leo.

**[40m]**

**C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**


Déan cur síos ar cheann **amháin** ar bith de na samplaí a leanas de dhaoine ag idirghníomhaíocht le timthriall na gcarraigeacha:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 2

### A. Ollghluaiseacht




(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na samplaí d'ollghluaiseacht a leanas leis an litir is fearr a oireann dó as na híomhánna thuas:

- Ithirthéaltú
- Sciorradh talún
- Maidhm charraige
- Sciorradh.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma ollghluaiseacht.

**[30m]**

### B. Carraigeacha

(i) Ainmnigh **dhá** shampla ar bith de charraig dhríodair.
(ii) Ainmnigh **dhá** úsáid ar bith a bhaintear as na carraigeacha dríodair a ainmníodh thuas.
(iii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

### C. Síonchaitheamh

Déan cur síos agus míniú ar cheann **amháin** de na próisis síonchaithimh a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Gníomhaíocht Reo is Coscartha
- Carbónáitiú.

**[30m]**

## Ceist 3

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar agus, ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Abhainn na Sláine
- Limistéar talún atá os cionn 100 méadar
- Líne iarnróid
- Bóthar an N11
- An limistéar faoi fhoirgnimh (le hais a chéile) in Inis Córthaidh.

**[30m]**

### B. Idirghníomhaíocht an Duine

Déan cur síos agus míniú ar an tslí a ndéanann an duine iarracht smacht a chur ar cheann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis farraige
- Ollghluaiseacht.

**[30m]**

### C. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú **dhá** thírghné ar bith a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**NÓ**

(ii) Déan cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Réigiúin Chontrártha in Éirínn**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.

Ar an tsracléarscáil sin **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- **Dhá** réigiún chontrártha in Éirinn
- Baile mór nó cathair ainmnithe i **ngach** réigiún díobh
- Abhainn ainmnithe i **ngach** réigiún díobh.

**[30m]**

**B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh**

(i) Déan cur síos ar na buntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

(ii) Déan cur síos ar na míbhuntáistí d'Éirinn a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh.

**[40m]**

**C. Fás Uirbeach san Eoraip**


Ainmnigh ceantar uirbeach **amháin** i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.
Mínigh **dhá** chúis le fás an cheantair uirbigh seo.

**[30m]**

## Ceist 5

### A. Táirgeacht Talmhaíochta – Éire

An céatadán de bheostoc, barra agus bainne na hÉireann a táirgeadh i Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (BMW) agus i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in 2011




Curtha in oiriúint ó fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh

Scrúdaigh na píchairteacha thuas a thaispeánann an céatadán de bheostoc, barra agus bainne na hÉireann a táirgeadh i réigiún an BMW agus i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir in 2011 agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán de bheostoc na hÉireann a táirgeadh i réigiún an BMW?

(ii) Cé acu réigiún inar táirgeadh an méid is mó barr?

(iii) Ríomh **X**, an céatadán bainne a táirgeadh i réigiún an BMW.

(iv) Ainmnigh **dhá** bharr ar bith a fhástar in Éirinn.

(v) Mínigh go hachomair cén fáth a raibh an táirgeacht talmhaíochta níos mó i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ná mar a bhí i réigiún an BMW.

**[30m]**

### B. Talmhaíocht san Eoraip

Mínigh conas a bhíonn tionchar ag **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Rilíf agus Ithreacha
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

### C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Ainmnigh réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas de réir mar a bhaineann leis an réigiún seo:

- An cineál **feirmeoireachta** a chleachtar sa réigiún
- Na cúiseanna le forbairt na **tionsclaíochta** sa réigiún
- Na cúiseanna a meallta**r** **turasóirí** go dtí an réigiún.

**[40m]**

## Ceist 6

**A. Réigiúin Ilchríochacha / Réigiúin Fho-ilchríochacha**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún
- Ceantar ainmnithe **amháin** ar thalamh ard sa réigiún
- **Dhá** bhaile mhóra nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún.

**[30m]**

**B. Talmhaíocht i Réigiún in Éirinn**

Mínigh conas a théann **dhá** cheann ar bith díobh seo i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Aeráid
- Rilíf agus Ithreacha
- Margaí.

**[40m]**

**C. Réigiúin Chultúrtha**

Is féidir cultúr réigiúin a shainmhíniú de réir aon cheann díobh seo a leanas:

- Reiligiún
- Teanga
- Ceol/Rince
- Cluichí.

Tabhair cur síos agus míniú ar thábhacht an chultúir i réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Limistéar tionsclaíochta
- Limistéar talmhaíochta
- Droichead iarnróid
- Abhainn.

**[30m]**

**B. Fuinneamh In-athnuaite**

(i) Ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh in-athnuaite atá oiriúnach le húsáid in Éirinn.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach go mbainfí breis úsáide as fuinneamh in-athnuaite.

**[30m]**

**C. Coilíniú**

(i) Mínigh go hachomair an téarma coilíniú.

(ii) Ainmnigh tír **amháin** a ndearnadh coilíniú uirthi.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar iarmhairtí an choilínithe.

**[40m]**

## Ceist 8

### A. Trádáil na hÉireann

Príomh-chomhphháirtithe Trádála na hÉireann 2009 agus 2011 (€ milliún)

| | 2009 | | 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Easpórtálacha** | **Iompórtálacha** | **Easpórtálacha** | **Iompórtálacha** |
| An Bhreatain Mhór agus Tuaisceart na hÉireann | 13,511 | 13,617 | 15,256 | 16,446 |
| Tíortha eile san AE | 37,466 | 12,889 | 39,035 | 13,736 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) | 17,585 | 7,839 | 18,160 | 6,488 |
| An Chuid eile den Domhan | 14,962 | 10,490 | 19,514 | 12,468 |
| **Iomlán** | **83,524** | **44,835** | **91,964** | **49,138** |

Curtha in oiriúint ó fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann príomh-chomhpháirtithe trádála na hÉireann agus luach na n-easpórtálacha agus na n-iompórtálacha (ina milliúin euro) in 2009 agus 2011 agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é luach iomlán na n-iompórtálacha (ina milliúin euro) sa bhliain 2011?

(ii) Cé acu ceann de na comhpháirtithe trádála ónar thit líon na n-easpórtálacha go hÉirinn idir 2009 agus 2011?

(iii) Cad é luach na n-easpórtálacha (ina milliúin euro) go SAM in 2011?

(iv) Ríomh an méadú a tháinig ar luach na n-easpórtálacha (ina milliúin euro) ó Éirinn go SAM idir 2009 agus 2011.

(v) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil iompórtálacha agus easpórtálacha tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

### B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Agus tagairt agat do léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, mínigh **trí** chúis a meallfaí turasóirí go hInis Córthaidh agus an ceantar mórthimpeall.

**[30m]**

### C. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus luaigh cá bhfuil sí lonnaithe.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna a bhfuil sí lonnaithe san áit sin.

**[40m]**

## Ceist 9

### A. Tionscal na Foirgníochta in Éirinn

Tógáil tithe in Éirinn idir 2005 agus 2011

| Bliain | Líon na dtithe a tógadh |
|---|---|
| 2005 | 81,000 |
| 2007 | 78,000 |
| 2009 | 26,000 |
| 2011 | 10,000 |

Curtha in oiriúint ó fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh

Scrúdaigh na sonraí thuas ar thógáil tithe in Éirinn idir 2005 agus 2011.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh cúis **amháin** ar tháinig laghdú ar líon na dtithe a tógadh idir 2005 agus 2011.

**[30m]**

### B. Breoslaí Iontaise

(i) Ainmnigh **dhá** bhreosla iontaise.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcaoi a dtéann dó breoslaí iontaise i gcion ar an timpeallacht.

**[30m]**

### C. Beartas an Aontais Eorpaigh

(i) Déan cur síos ar an tionchar dearfach a bhíonn ag beartas an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

(ii) Déan cur síos ar an tionchar diúltach a bhíonn ag beartas an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

**[40m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Talamhúsáid i mBailte na hÉireann**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

- An Lárcheantar Gnó (LCG)
- Limistéar tionsclaíochta
- Limistéar cónaithe
- Foirgneamh reiligiúnach
- Abhainn.

**[30m]**

**B. Imirce – Ón Tuath go Ceantar Uirbeach**

(i) Déan cur síos ar na tosca brú a chuireann leis an imirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

(ii) Déan cur síos ar na tosca tarraingthe a chuireann le himirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

**[40m]**

**C. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Inis Córthaidh a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna a leanas.


(i) Mol suíomh oiriúnach do scoil nua agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (an cúlra ar dheis, etc.).

(ii) Mínigh **trí** chúis a mbeadh an suíomh a roghnaigh tú i gcuid (i) oiriúnach mar shuíomh do scoil nua.

**[30m]**

## Ceist 11

### A. Daonra na hÉireann




Scrúdaigh pirimid daonra na hÉireann in 2011 agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén céatadán den daonra a bhí fireannach agus san aoisghrúpa 0 - 4?

(ii) Cén céatadán den daonra **iomlán** a bhí san aoisghrúpa 35 - 39?

(iii) Cé acu fireannach nó baineannach ba mhó a bhí os cionn 75 bliana d'aois?

(iv) Mínigh go hachomair slí **amháin** a bhfuil cruth na pirimide daonra seo difriúil le cruth na pirimide daonra do thír i mbéal forbartha.

(v) Ainmnigh **dhá** shlí a mbaintear úsáid as pirimidí daonra.

**[30m]**

### B. Forbairt Bailte

Ag baint úsáide duit as fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** as an aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo, mínigh **trí** chúis ar tháinig forbairt ar bhaile Inis Córthaidh sa suíomh ina bhfuil sé inniu.

**[40m]**

### C. Cathracha sa Domhan i mbéal Forbartha

Tabhair cur síos agus míniú ar na fadhbanna a bhí mar thoradh ar fhás tapa i gcathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi sa domhan i mbéal forbartha.

**[30m]**

## Ceist 12

### A. Daonra Uirbeach na hÉireann

Daonra roinnt bailte in Éirinn in 2011

| Baile | Daonra |
|---|---|
| Teach Sagard, Baile Átha Cliath Theas | 2,100 |
| Baile Uí Mhatháin, Co an Longfoirt | 1,500 |
| An Caisleán Nua,  Baile Átha Cliath Theas | 2,600 |
| Cuan Bhaile na Cúirte, Co Loch Garman | 2,800 |

Curtha in oiriúint ó fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh.

Scrúdaigh na sonraí a thaispeánann daonra roinnt bailte in Éirinn in 2011.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** chúis le fás bailte in Éirinn.

**[30m]**

### B. Plódú Tráchta

Tabhair cur síos agus míniú ar na bearta atá á ndéanamh i mbailte agus i gcathracha chun fadhb an phlódú tráchta a réiteach.

**[30m]**

### C. Patrúin Imirce

(i) Mínigh **dhá** chúis ar tháinig daoine ar imirce go hÉirinn (ag teacht chun na tíre) le déanaí.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil líon mór daoine ag dul ar imirce as Éirinn (ag fágáil na tíre) anois.

**[40m]**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán